Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Office of the Director of Public Prosecutions

# Ionchúisitheoir
# Comórtas 2025

## Tá lúcháir orainn ár gComórtas Ionchúisitheora nua 2025 a sheoladh

Dáta Deiridh**: 26 Meán Fómhair 2025** Am Dúnta**: 1in**

# Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí

*Léigh go cúramach le do thoil*

Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus spreagann sí iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí agus taithí éagsúil acu. Tá faisnéis bhreise ar éagsúlachtaí sonracha sa chuid "Conas Iarratas a Dhéanamh".

**https://www.dppireland.ie/ga/working-with-us**

Reáchtálfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí an comórtas seo de réir an Chóid Chleachtais um Cheapacháin chun Post sa Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí ullmhaithe ag an gCoimisiún um Cheapachá in Seirbhíse Poiblí (CPSA).

Foilsíonn an CPSA cóid chleachtais agus tá siad ar fáil ar www.cpsa.ie

TEAGMHÁIL maidir le gach ábhar a bhaineann leis an bhfeachtas seo:

**Recruitment@dppireland.ie**

# CLÁR ÁBHAIR

CLÁR ÁBHAIR .......... 2

AN OIFIG .......... 3

ÁR LUACHANNA .......... 4

AN RÓL .......... 5

CEANGLAS: SAINEOLAS & INNIÚLACHTAÍ .......... 6

PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE - IONCHÚISITHEOIR .......... 7

AN PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNÚCHÁIN .......... 13

CEARTA IARRTHÓIRÍ - NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE MAIDIR LEIS AN BPRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN .......... 16

OIBLEAGÁIDÍ NA NIARRTHÓIRÍ .......... 17

NA HACHTANNA UM CHOSAINT SONRAÍ .......... 17

AGUISÍN 1: CÁILITHEACHT CHUN DUL IN IOMAÍOCHT AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR CHÁILITHEACHT .......... 18

AGUISÍN 2: INNIÚLACHTAÍ .......... 20

# Ionchúisitheoir in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Éilíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (ODPP) ar dhlíodóirí post buan na nIonchúisitheoirí a líonadh. An bhfuil tú cáilithe, nua-cháilithe, ar tí cáiliú mar Aturnae nó mar Abhcóide? Más é an freagra tá, d'fhéadfadh sé seo a bheith ina deis gairme spreagúil duit. Cruthófar painéal ón chomórtas oscailte seo chun poist dhlíthiúla ag leibhéal an Ionchúisitheora[1].

## An Oifig

Bunaíodh an ODPP leis an Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974. Is é ár misean Seirbhís Ionchúisimh a chur ar fáil atá neamhspleách, cothrom agus éifeachtach. Tá an Stiúrthóir neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

Forfheidhmíonn an Stiúrthóir an dlí coiriúil sna cúirteanna ar son Mhuintir na hÉireann; stiúrann agus déanann sé/sí maoirseacht ar ionchúisimh phoiblí ar díotáil sna cúirteanna; agus tugann sé/sí treoir ghinearálta agus comhairle don Gharda Síochána maidir le cásanna achoimre mar aon le treoir shainiúil ina leithéid de chásanna nuair a iarrtar sin.

Tá ceithre rannán ag an ODPP:

1. Tá **Rannán na nAonad Stiúrtha agus Speisialtóra** freagrach as na comhaid imscrúdaithe a scrúdú le cinneadh a dhéanamh ar cheart ionchúiseamh a dhéanamh. Tá dhá Aonad speisialaithe laistigh den Rannán seo freisin, an tAonad um Chionta Gnéasacha agus um Tromcuireachta agus an tAonad um Choireacht Airgeadais Speisialta, a bhfuil feidhm stiúrtha acu agus a dhéanann cásanna a ionchúiseamh sa chúirt.
2. Tá **an Rannán Aturnaetha** freagrach as an tseirbhís aturnae a sholáthar don Stiúrthóir i mBaile Átha Cliath agus Corcaigh agus maoirseacht a dhéanamh ar seirbhís na hAturnaetha Stáit go náisiúnta.
3. Tá an **Rannán Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh** freagrach as tacú leis an obair ionchúisimh choiriúil i réimsí an dlí idirnáisiúnta, cuireann sí cúiseanna ar fáil d'íospartaigh agus déanann sí athbhreithnithe ar chinntí gan ionchúiseamh, caighdeáin ionchúisimh, agus beartas agus taighde.
4. Tá an **Rannán Seirbhísí Corparáideacha** freagrach as seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar don Oifig i réimse acmhainní daonna, forbairt eagraíochtúil, straitéis, TFC, Airgeadas, cumarsáid, rialachas agus cóiríocht.

Déanann comhalta den Fhoireann Ardbhainistíochta (SMT) maoirsiú ar gach Rannán den Oifig. Tá na hAonaid agus na Ranna i ngach Rannán á mbainistiú ag comhaltaí den Bhord Bainistíochta agus daoine a bhfuil scileanna agus cúlraí éagsúla acu mar fhoireann. Tá cur síos mionsonraithe ar obair gach ceann de rannáin na hOifige ar fáil ar https://www.dppireland.ie/about-us/our-organisation

Bíonn an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ag brath freisin ar aturnaetha stáit i 31 ionad agus ar phainéil abhcóidí chun ionadaíocht a dhéanamh di i gcásanna a ionchúisítear ar díotáil sna cúirteanna airde. Déantar gach ábhar achomair a ionchúisíonn na Gardaí sa Chúirt Dúiche a ionchúiseamh in ainm an Stiúrthóra. Mar sin is comhpháirtithe tábhachtacha iad an tseirbhís aturnae Stáit, na hAbhcóidí agus an Garda Síochána i soláthar seirbhíse ionchúisimh.

[1] *Tá sé molta go bhfanfaidh an painéal ann ar feadh tréimhse 18 mí ó bhunaítear é.*

Is fostóir ionchuimsitheach agus forásach í ODPP atá freagrúil do riachtanais agus do roghanna a lucht saothair trína bheartais agus a chleachtais fostaíochta. Mar fhostóir, ba mhaith linn daoine maithe a mhealladh agus a choinneáil. Ciallaíonn sé seo cúram a thabhairt dár bhfostaithe. Níl sa ghairm bheatha thaitneamhach dhúshlánach ach ceann amháin de na buntáistí a bhainfidh tú taitneamh astu má théann tú isteach inár Oifig. Tá roinnt beartais oibre solúbtha agus atá oiriúnach do theaghlaigh againn, lena n-áirítear Postroinnt, Bliain Oibre Níos Giorra, Cianobair (oibríonn sé seo ar bhonn 'cumaisc'), srl agus raon tionscnamh folláine.

Is eagraíocht foghlama muid a bhfuil tiomantas láidir againn don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach. Cuirimid raon deiseanna foghlama agus comhroinnte eolais ar fáil chun é seo a chumasú, lena n-áirítear socrúcháin oibre inmheánach, oideachas tríú leibhéal agus rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre tras-rannáin agus seachtracha san Earnáil Ceartais Coiriúil.

Chun a chinntiú gur féidir linn ár ndaoine a fhorbairt tuilleadh agus deiseanna fiúntacha gairme a thabhairt dóibh, tá Scéim Soghluaisteachta againn. Cuireann sé sin deis ar fáil chun obair Trasrannáin agus Trasaonaid a dhéanamh. Bíonn ár ndaoine in ann taithí leathan a fháil agus cothaítear comhoibriú agus coláisteacht dá bharr.

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ag: Ag Obair Linn.

## Ár Luachanna



## An Ról

Ní mór d'ionchúisitheoirí saineolas agus saintuiscint a bheith acu ar chúrsaí dlí mar aon leis na prionsabail arna leagadh amach ag Treoirlínte na hOifige d'Ionchúisitheoirí. Tá ionchúisitheoirí freagrach as bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar líon cásanna s'acu agus chun oibre den ardchaighdeán a sheachadadh, agus chun ardchaighdeáin de chruinneas, d'eitic agus d'ionracas a chur i bhfeidhm. Tá róil éagsúla ag ionchúisitheoirí san Oifig i gceann amháin dár dtrí Rannán dlí:

- Rannán na nAonad Stiúrtha & Speisialaithe: Sa Rannán seo is féidir ionchúisitheoirí a chur chuig Stiúradh nó chuig ceann de na hAonaid speisialaithe laistigh den Rannán:

  i. Bíonn ar ionchúisitheoirí líon cásanna pearsanta a bhainistiú. Tá obair sa Rannán Stiúrtha dírithe go príomha ar fháthanna ar chóir nó nach cóir ionchúiseamh a thionscnamh  cóir ionchúiseamh a thionscnamh agus cén cineál cúisimh a bheas cuí leo.

  ii. Beidh ionchúisitheoirí freagrach chomh maith as treoracha a thabhairt maidir le riaradh na n-ionchúiseamh de réir mar a éiríonn cásanna trína saolréanna a bhaineann leo.

  iii. Aonad Speisialtóra: Sannfar ionchúisitheoirí don Aonad um Chionta Gnéasacha agus um Tromchoireachta nó don Aonad Airgeadais Speisialta chun líon na gcás pearsanta a bhainistiú agus beidh siad dírithe ar sheirbhís a sholáthar don Stiúrthóir i ngach ionchúiseamh i réimse an speisialtachta

- An Rannán Aturnaetha: Bainistíonn ionchúisitheoirí líon na gcás pearsanta agus beidh siad dírithe ar sheirbhís a sholáthar don Stiúrthóir i ngach ionchúiseamh i gCeantar Cathrach Bhaile Átha Cliath, sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Achomhairc agus ar dhéileáil le hábhair Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh a eascraíonn as ionchúisimh. Ó am go chéile, d'fhéadfadh go mbeadh ar Ionchúisitheoirí freastal ar chúirt lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

- An Rannán Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh: Bíonn ar ionchúisitheoirí cás/ ualach oibre pearsanta a bhainistiú, agus beidh an comhdhéanamh sin ag brath ar an Aonad Rannáin a bheas siad ag obair leis. Tá na trí aonaid seo a leanas faoi scáth ag an Rannán seo: an tAonad Idirchaidrimh Íospartaigh, an tAonad Beartais Ionchúiseamh agus Idirnáisiúnta agus an tAonad Taighde.

Oibríonn gach ionchúisitheoir go comhoibritheach agus go réamhghníomhach chun tacaíocht a thabhairt dá gcomhghleacaithe óna fhoireann nó óna foireann féin mar aon le comhghleacaithe fud fad an rannáin agus na heagraíochta fiú.

Ar aon dul lenár Scéim Soghluaisteachta, cé go ndéanfar ceapacháin chuig réimse ar leith, déanfar athshannadh chuig réimsí eile den Oifig ar aon dul le riachtanais ghnó agus forbartha.

*Toisc gurb é príomhghnó na hOifige ionchúiseamh na coireachta, beidh roinnt teagmhála ag gach ball foirne dlí a fhostaíonn an Oifig le comhaid ionchúisimh, a bhféadfadh ábhar de chineál anacair a bheith iontu.*

## Ceanglas: Saineolas & Inniúlachtaí

### Riachtanach

Ní mór do gach iarrthóir, faoin **26** Meán Fómhair 2025, nó roimh ré a bheith cláraithe mar Aturnae sa Stát, nó, glaodh chun an Bharra faighte acu. Caithfidh gach iarrthóir an méid seo a leanas a bheith acu chomh maith:

**i)** Taithí cleachtaidh (i rith oiliúint proifisiúnta nó tar éis an cháilíocht a bhaint amach) ar a laghad ceann amháin de na réimsí seo a leanas:
   a. Dlí Coiriúil, Rialála nó Forfheidhmithe
   b. Dlí Riaracháin, Bunreachtúil nó Eorpach
   c. Dlíthíocht agus/nó dlíthíocht a bhaineann le comhlachtaí poiblí
   d. Dlí Fostaíochta

**ii)** Stair maidir le torthaí a sheachadadh go héifeachtach, go háirithe líon na gcás a bhainistiú.

**iii)** Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta ar ardleibhéal acu agus tuiscint ar an dóigh chun plé a dhéanamh le páirtithe leasmhara seachtracha.

**iv)** Scileanna láidir anailíse agus cinnteoireachta.

**v)** Taithí nó cumas le bheith ag obair i dtimpeallacht oifige ríomhairithe, lena n-áirítear úsáid na gcóras leictreonach do chásanna a bhainistiú nó aon fheidhmchlár TFC eile le haghaidh cleachtas dlí.

Ní mór d'iarrthóirí freisin na príomhinniúlachtaí le haghaidh feidhmíochta éifeachtach ag an leibhéal seo a bhfuil mionsonraí orthu in **Aguisín 2**.

### Inmhianaithe

**i)** Forbairt ar an fhaisnéis bhainistíochta i dtimpeallacht oifige a bhaint amach.

**ii)** Taithí oibre i níos mó ná eagraíocht amháin.

**iii)** Ábaltacht sa Ghaeilge nó i dteangacha eile.

**Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach gciallaíonn iontráil ar an gcomórtas go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta. Mar sin, ba cheart d'iarrthóirí iad féin a shásamh go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta don chomórtas seo.**

# Príomhchoinníollacha Seirbhíse - Ionchúisitheoir

## Ginearálta

Tá an ceapachán faoi réir Achtanna Rialacháin na Státseirbhíse 1956 go 2005, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Acht eile a bheidh i bhfeidhm de chumhacht na huaire maidir leis an Státseirbhís.

## Pá

Seo a leanas tuarastal an phoist:

Scála Pá RPP (Ranníocaíocht Phinsin Phearsanta)[2] le héifeacht ón 1 Lúnasa 2025:

€40,610 – €43,332 – €44,113 – €47,523 – €51,891 – €55,368 – €58,945 – €62,582 – €66,212 €69,823 – €81,475 – €84,476 – €87,518 – €90,569 – €93,617 – €95,375 – €98,449 LSI1 – €101,535 LSI2

**NÓTA TÁBHACHTACH:** Agus é sa ghnáthchúrsa go dtosóidh an pointe iontrála tuarastail ag bun an scála, féadfaidh pá agus coinníollacha difriúla a bheith ann ag brath ar nósanna imeachta an Rialtais maidir le polasaithe pá. Chun críocha an chomórtais seo, féadfar ceapachán suas go dtí Pointe 7 a thairiscint d'iarrthóirí s.é. €57,217 de rogha an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a chuirfidh taithí iarcháilíochta na n-iarrthóirí san áireamh.

D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis 3 bliana (LSI1) agus 6 bliana(LSI2) de sheirbhís shásúil ar ghrád uasta an scála.

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist, más státseirbhíseach nó státseirbhíseach ar seirbhís é an ceapaí, díreach roimh an gceapachán.

Faoi réir feidhmíocht shásúil d'fhéadfadh go mbeadh incrimintí iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais.

Comhaontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntais nó caiteachais de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas, agus Caiteachais a dhéantar do Bhaill Foirne/Iarbhaill Foirne/Pinsinéirí.

## Tionacht agus Promhadh

Is é an ceapachán ón gcomórtas seo post buan ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís. Mairfidh an conradh promhaidh don phost buan seo ar feadh tréimhse bliana ón dáta a shonraítear sa chonradh.

---

[2] *Tá feidhm ag an ráta PPC nuair a cheanglaítear ar an duine Ranníocaíocht Phinsin Phearsanta a íoc (ar a dtugtar ranníocaíocht príomhscéim ar shlí eile) de réir rialacha a bpríomhscéim/scéim aoisliúntais phearsanta. Ní hionann é seo agus ranníocaíocht maidir le ballraíocht i scéim Céilí agus Leanaí nó Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC). Beidh ráta difriúil i bhfeidhm nuair is státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí an ceapaí a earcaíodh roimh 6 Aibreán 1995 agus* ***nach gceanglaítear*** *orthu Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.*

Le linn thréimhse do chonartha promhaidh, beidh do fheidhmíocht faoi réir athbhreithniú ag do stiúrthóir(í) chun a chinntiú an bhfuil:

- **i)** Tú feidhmithe ar bhealach sásúil;
- **ii)** Tú sásúil san iompar ginearálta; agus
- **iii)** Tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de agus aird ar leith ar shaoire bhreoiteachta.

Sula gcríochnófar an conradh promhaidh déanfar cinneadh an gcoimeádfar nó nach gcoinneofar thú de bhun Alt 5A (2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 – 2005. Beidh an cinneadh seo bunaithe ar d'fheidhmíocht arna measúnú i gcoinne na gcritéar atá leagtha amach in (i) go (iii) thuas. Míneoidh an ODPP sonraí an phróisis phromhaidh duit agus tabharfar cóip duit de Threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an GTI.

D'ainneoinn na míreanna roimhe seo san alt seo, féadfar an conradh promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh dhul in éag do théarma an chonartha ag ceachtar taobh de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

Sna cúinsí seo a leanas féadfar do chonradh a fhadú agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí.

- Tá an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair a bhíonn fostaí as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Uchtála.
- Maidir le fostaí as láthair ar Shaoire Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóra, féadfaidh an fostaí a éileamh go gcuirfí promhadh ar fionraí mura meastar an neamhláithreacht a bheith comhsheasmhach le leanúint den phromhadh.
- Aon fhoráil reachtúil eile a fhorálann go ndéanfaidh promhadh -
  - (i) seasamh ar fionraí le linn d'fhostaí a bheith as láthair ón obair, agus
  - (ii) le comhlánú ag an bhfostaí ar fhilleadh na bhfostaithe ón obair tar éis na hasláithreachta sin.

Sa chás go gcuirtear promhadh ar fionraí ba chóir don fhostóir na cúinsí a bhaineann leis an bhfionraí a chur in iúl don fhostaí.

Má theipeann ar cheapaí, a bhí ina státseirbhíseach ag fónamh díreach sular ceapadh ón gcomórtas seo é, na coinníollacha promhaidh a chomhlíonadh, is iondúil go n-eascróidh ceist na frithdhílse. I gcás frithdhílse, fillfidh oifigeach ar fholúntas san iarghrád a bhí acu ina iar-Roinn.

## Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2015

Ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2015 maidir le foirceannadh na fostaíochta mar gheall ar dhul in éag an chonartha téarma shocraithe amháin gan é a athnuachan.

## Dualgais

Ceanglófar ar an oifigeach aon dualgais a oireann don phost a d'fhéadfaí a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh. Ní fhéadfaidh an t-oifigeach gabháil do chleachtadh príobháideach ná baint a bheith aige/aici le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh dualgas oifigiúil nó a bheadh contrártha ar bhealach ar bith leis an bpost ina bhfuil an t-iarrthóir ceaptha.

## Láthair

Tá an Oifig lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Mar gheall ar chineál obair na bhfostaithe ODPP ceanglófar orthu freastal ar ghnó oifigiúil in áiteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Nuair a bheidh tú as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú ar dhualgas oifigiúil, íocfar costais taistil chuí agus liúntais chothaithe de réir Rialacháin na Státseirbhíse.

## Uaireanta freastail

Socrófar uaireanta freastail ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair an chloig agus 15 nóiméad comhlán in aghaidh na seachtaine nó 35 uair glan in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi cibé uaireanta breise a oibriú ó am go ham a bheidh réasúnach agus riachtanach chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh i gceart faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin um am oibre. Leis an ráta luacha saothair atá iníoctha clúdaítear aon dliteanas um fhreastal breise a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham.

## Saoire Bhliantúil

Is ionann an liúntas saoire bhliantúil agus 25 lá oibre, ag ardú go 29 lá oibre tar éis 5 bliana de sheirbhís agus ansin ag ardú arís go 30 lá oibre tar éis 10 mbliana de sheirbhís. Tá an liúntas seo, atá faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú, ar bhonn seachtaine cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí ann.

## Saoire Bhreoiteachta

Beidh pá le linn asláithreacht bhreoiteachta deimhnithe i gceart, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ar mhíchumas buan le haghaidh seirbhíse, i bhfeidhm ar bhonn pro rata, de réir na Rialachán um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Breoiteachta) (IR 124 de 2014), na Rialacháin um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Breoiteachta) (Leasú) 2015 (IR 384 de 2015), na Rialachán um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta) (Leasú) 2023 (IR 407 de 2023), agus aon ciorclán ábhartha.

Beidh ar oifigigh a bheidh ag íoc ráta ÁSPC Aicme A sainordú a shíniú ag údarú don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Beidh íocaíocht le linn breoiteachta faoi réir ag an oifigeach ag déanamh na n-éileamh riachtanach ar shochar árachais shóisialta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

## Aoisliúntas agus Dul ar Scor

Déanfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí mar atá sa Státseirbhís a thairiscint don iarrthóir rathúil nuair a thairgfear ceapachán dó/di. Go hiondúil, déanfar ceapachán a thairiscint do cheapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí bunaithe ar bhallraíocht de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"). Tá sonraí iomlána na Scéime ag www.singlepensionscheme.gov.ie

Sa chás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin (neamh-Scéim Aonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtainí roimh an gceapachán nó atá ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le/gan phá d'fhéadfadh téarmaí éagsúla a bheith i gceist. Bunófar teidlíocht pinsin na ndaoine a cheapfar i gcomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht na Scéime Aonair:

i) Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha agus an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit, 66 bliain d'aois faoi láthair.
ii) Aois Scoir: Ní mór do chomhaltaí scéime éirí as nuair a shroicheann siad 70 bliain d'aois.
iii) Úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn méid pinsin agus cnapshuime gach bliain agus déantar iad a uasghrádú gach bliain faoi threoir CPI).
iv) Tá méaduithe pinsin iar-scoir nasctha le CPI

## Laghdú Pinsin

Má bhí an ceapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfuil pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó sa chás go bhfuil pinsean de chuid na Státseirbhíse/na Seirbhíse Poiblí á íoc beidh an pinsean sin **faoi réir lacáiste** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair faoi deara: Agus tú ag cur isteach ar an bpost seo tá tú ag admháil go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha lacáiste, nuair is cuí. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Roinn/Oifig atá fostaithe le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe i leith ceapachán sa phost seo.**

- Mar sin féin, má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus dá mbronnadh pinsean air faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER), Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 VER/VRS nó Ciorclán na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil LG(P) 06/2013, a fhágann go bhfuil duine neamh-incháilithe don chomórtas) scoirfidh an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Féadfar, áfach, socruithe speisialta a dhéanamh chun seirbhís roimhe sin a thug an ceapaí a ríomh chun críche aon dámhachtana aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an ceapaí a bheith incháilithe ina leith.

- **Ciorclán 102/2007 Scéime Luathscoir na Roinne Oideachais agus Scileanna do Mhúinteoirí**
  Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll den Scéim Luathscoir é, seachas na cásanna atá leagtha amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadú ciorclach ábhartha, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus go bhfuil sé/sí fostaithe ina dhiaidh sin in aon cháil in aon limistéar den earnáil phoiblí, scoirfidh láithreach d'íocaíocht pinsin leis an duine sin faoin scéim. Déanfar íocaíochtaí pinsin a atosú, áfach, ar scor den fhostaíocht sin nó ar 60ú breithlá an duine, cibé acu is déanaí, ach ar atosú, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (s.é. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe sin san áireamh agus íocaíocht an phinsin á ríomh).

- **Scor-Drochshláinte**
  Tabhair faoi deara, le do thoil, go gceanglaítear ar aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo ar chúiseanna drochshláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais a dhearbhú, ag an gcéad chéim iarratais, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil acu don eagraíocht a riarann an comórtas earcaíochta.

  Beidh ar iarratasóirí freastal ar oifig an CMO chun a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar a mheas agus an riocht ina bhfuil siad cáilithe le haghaidh IHR á gcur san áireamh.

## Ceapachán tar éis Scor-Drochshláinte ón Státseirbhís

Má éiríonn lena n-iarratas tríd an gcomórtas, ba chóir go mbeadh an t-iarratasóir ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

- **i)** Má mheastar a bheith oiriúnach chun seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus go sanntar iad do phost, scoirfidh a bpinsean drochshláinte státseirbhíse.
- **ii)** Má theipeann ar an iarratasóir ina dhiaidh sin promhadh a chríochnú nó má chinneann sé/sí a phost sannta a fhágáil, ní féidir aisiompú ar stádas IHR na státseirbhíse, ná pinsean IHR na státseirbhíse a athchur, a bhí ann roimh an iarratas agus níl teidlíocht ann dó.
- **iii)** Tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina gcomhalta de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) nuair a cheapfar é má bhí sos sa tseirbhís phoiblí/shibhialta inphinsin de níos mó ná 26 seachtaine aige/aici.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil faisnéis níos mionsonraithe maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd atá ag fáil pinsean drochshláinte státseirbhíse nó seirbhíse poiblí ar fáil tríd an nasc seo nó ar iarratas chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

## Fabhrú Pinsin

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i leith pinsin i gcás ina raibh duine ina chomhalta de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (s.é. Scéim neamh-Aonair) de réir Acht 2012. Déantar foráil don teorainn 40 bliain seo san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo d'aon cheapaí a fuair cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

## Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise (ASC) de réir an Achta um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2017. **Nóta;** Tá asbhaintí ASC sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) a theastaíonn faoi rialacha do scéime pinsin.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair féach le do thoil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

## Rúndacht, Discréid agus Caighdeáin Iompraíochta: Rúndacht agus Macántacht Oifigiúil:

Beidh oifigeach faoi réir Fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 2014. Comhaontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe neamhúdaraithe le linn na tréimhse fostaíochta nó ina dhiaidh sin.

## Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse:

Beidh an ceapaí faoi réir ag Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

## Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí:

Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, nuair is iomchuí, maidir leis an gceapachán seo.

## Foilseacháin a cheadú roimh ré:

Comhaontóidh duine ceaptha gan ábhar a bhaineann lena dhualgais oifigiúla / lena dualgais oifigiúla a fhoilsiú gan cead a fháil roimh ré ón Stiúrthóir nó ó chomhalta údaraithe cuí eile den fhoireann bhainistíochta shinsearach.

## Gníomhaíocht Pholaitiúil:

Le linn théarma na fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir ag na rialacha lena rialaítear seirbhísigh phoiblí agus an pholaitíocht.

**Léiríonn an méid thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gurb é an liosta cuimsitheach de gach téarma agus coinníoll fostaíochta a leagfar amach sa chonradh promhaidh a bheidh le bheith aontaithe leis an iarrthóir rathúil.**

# AN PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNÚCHÁIN

## Conas iarratas a Dhéanamh

Cuir isteach d'iarratas ar ríomhphost le do thoil chuig Recruitment@dppireland.ie leis an méid seo a leanas:

1. CV cuimsitheach (gan dul thar 3 leathanach – le Sonraí Oideachais agus Stair Oibre a chur san áireamh in ord croineolaíoch), le do thoil ná cuir grianghraf pearsanta ar do CV.

2. Foirm Iarratais Inniúlachta- ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais dá gcuirtear ar fáil san fhógra comórtais seo a úsáid, ní ghlacfar le hiarratais a fhaightear in aon fhormáid eile agus beidh siad ar neamhní. Ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú go hiomlán agus ní mór d'iarrthóirí fanacht laistigh den líon focal riachtanach san fhoirm le go mbreithneofar a n-iarratas.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfágfaidh easnamh aon cheann nó cuid den dá dhoiciméad iarrtha, atá leagtha amach thuas, an t-iarratas neamhiomlán. Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána don chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. Is ar an iarratasóir atá an dualgas a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoin spriocdháta chun a n-iarratas a chur isteach mar ní ghlacfar le hiarratais tar éis an ama/dáta deiridh a thugtar thíos.

## Dáta Deiridh

Ní mór do CV agus foirm iarratais a chur isteach le ríomhphost tráth nach déanaí ná **1in 26 Meán Fómhair 2025.** Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 2 lá oibre ón iarratas a dhéanamh, déan teagmháil le do thoil le: Shane Breen (01-8588466) Traci Peake (01-8588446) nó Recruitment@dppireland.ie

Tá sé de dhualgas ar gach iarrthóir a chinntiú go bhfuil sé/sí ag fáil gach cumarsáid ón ODPP. Ní ghlacann an Oifig aon fhreagracht as cumarsáid nach ndéanann iarratasóir rochtain air/uirthi nó nach bhfaigheann sé/sí. Tá sé de fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála a shonraítear ar an CV agus ar an bhfoirm iarratais cruinn. Tá sé de fhreagracht ar an iarrthóir freisin a chinntiú go ndéantar gach fillteán ábhartha a sheiceáil le haghaidh ríomhphoist a d'fhéadfadh a bheith gafa le seiceálacha turscair/ slándála.

## An Próiseas Roghnúcháin

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa phróiseas roghnúcháin:

**i)** CV agus foirm Iarratais a chur isteach
**ii)** Gearrliostú iarrthóirí bunaithe ar an eolas atá ina nIarratas
**iii)** Agallamh tosaigh/réamhagallamh
**iv)** Cur i láthair nó cleachtaí eile
**v)** Agallamh iomaíoch deiridh
**vi)** Aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheastar a bheith iomchuí

Féadfaidh comhaltacht na mbord roghnúcháin a bheith difriúil ag céimeanna éagsúla an Phróisis Roghnúcháin.

Ba cheart d'iarratasóirí machnamh go cúramach ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil sa Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí seo a bhaineann leis an ról. Is chun leasa gach iarratasóra é a chinntiú go dtugann a CV agus a bhfoirm iarratais cuntas mionsonraithe cruinn ar thaithí, inniúlachtaí, éachtaí agus cáilíochtaí.

Breithneofar an fhaisnéis a sholáthraítear sa CV agus san fhoirm iarratais seo le linn na gcéimeanna éagsúla den phróiseas roghnúcháin mar seo a leanas:

## Incháilitheacht a Chinneadh

Seiceálfar iarratais chun a fháil amach ar chomhlíonadh na ceanglais incháilitheachta atá leagtha amach sa Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí.

## Gearrliostú

Ní dhéanfar ach iarratais atá lánchríochnaithe agus laistigh den spriocdháta a mheas le haghaidh gearrliostaithe. Déanfar CV agus foirm iarratais na n-iarrthóirí a mheasúnú i gcoinne na gceanglas/ na gcritéar agus na n-inniúlachtaí atá leagtha amach sa leabhrán seo. Ní féidir i gcónaí gach iarrthóir incháilithe a chur ar an ngearrliosta le haghaidh agallaimh mar gheall ar líon ard iarratas. Cuirfidh an Bord Gearrliostaithe líon an Bord Gearrliostaithe líon cuí iarrthóirí ar an ngearrliosta le haghaidh agallaimh. Roghnóidh na Boird Ghearrliostaithe na hiarrthóirí is fearr, dar leo, a léirigh na riachtanais/ critéir agus Inniúlachtaí Riachtanacha agus Inmhianaithe don ról atá leagtha amach sa Leabhrán seo. Ní thugtar le fios leis sin gur gá go bhfuil iarrthóirí mí-oiriúnach nó neamhchumasach an post a ghlacadh orthu féin, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann a bhfuil an chuma orthu go bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu, bunaithe ar a n-iarratas. Dá bhrí sin is chun do leasa féin é chun cuntas beacht, mionsonraithe, cruinn a sholáthar ar do cháilíochtaí/taithí i d'iarratas.

## Agallamh

Beidh Bord Agallaimh comhdhéanta de chomhaltaí ón ODPP agus comhalta/comhaltaí seachtracha. Féadfaidh an Bord Agallaimh iarrthóirí a cheistiú faoina gcuid eolais agus taithí a bhaineann le haon cheann de na hinniúlachtaí nó na riachtanais riachtanacha nó inmhianaithe agus faoi aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil ina n-iarratas.

Déanfar agallaimh don chomórtas seo go pearsanta a mhairfidh thart ar 40 nóiméad. Ba cheart d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonróidh an ODPP.

Déanfar socruithe réasúnta ag gach céim den phróiseas roghnúcháin do dhaoine faoi mhíchumas. Seol ríomhphost chuig ár bhfoireann earcaíochta trí Recruitment@dppireland.ie agus beidh ball den fhoireann sásta cabhrú leat.

Ní mór d'iarrthóirí na spriocdhátaí go léir a chomhlíonadh chun doiciméid iarrtha a chur isteach (m.sh. measúnuithe scríofa nó cur i láthair) le linn na gcéimeanna gearrliostaithe nó agallaimh. Mura ndéantar amhlaidh measfar a n-iarratas a bheith neamhiomlán agus gan dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den chomórtas.

Ní mór d'iarrthóirí scór íosta 50% a bhaint amach i ngach inniúlacht ar leith. Ina theannta sin, beidh pasmharc foriomlán – nach ísle ná 50% - i bhfeidhm. Déanfaidh an Bord Agallaimh an tairseach fhoriomlán seo a chinneadh agus a fhaomhadh i gcomhréir leis an scéim mharcála comhaontaithe agus cuirfear i bhfeidhm í go comhsheasmhach ar fud na n-iarrthóirí go léir.

## Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

## Imréiteach Slándála

Má thagann tú faoi bhreithniú le haghaidh ceapacháin, beidh ort foirm ríomh-ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais. Cuirfear an fhoirm seo ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ina raibh cónaí ort. Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfadh imréiteach slándála suas le 8 seachtaine a ghlacadh agus i gcásanna áirithe go bhféadfadh sé go dtógfadh sé níos faide. Sa chás nach n-éiríonn le d'iarratas ar an gcomórtas, scriosfar an fhoirm seo agus ní choinneoidh an Oifig aon taifead.

Má tá cónaí ort i dtíortha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse 6 mhí nó níos mó, tá sé éigeantach duit Deimhniú Imréitigh Póilíní a sholáthar ó na tíortha sin ag rá nach bhfuil aon chiontuithe taifeadta i do choinne agus tú i do chónaí ann. Teastaíonn Deimhniú Imréitigh Póilíní ar leith do gach tír ina bhfuil cónaí ort. Ní mór an t-imréiteach a bheith dátaithe tar éis an dáta a d'fhág tú an tír. Is ortsa atá an fhreagracht imréiteach slándála ar bith a lorg do dhlínsí eile (má bhaineann) go tráthúil mar go dtógfaidh sé roinnt ama. Ní féidir thú a cheapadh gan an fhaisnéis seo a bheith curtha ar fáil agus a bheith in ord.

Ba chóir go mbeadh a fhios ag iarrthóirí gur féidir aon fhaisnéis a fhaightear sa phróiseas Imréitigh Slándála a chur ar fáil don údarás fostaíochta.

## Teistiméireachtaí agus Cáilíochtaí

Bheadh sé úsáideach dá dtosófá ag smaoineamh ar ainmneacha daoine a bheadh ina réiteoirí oiriúnacha, lena n-áirítear d'fhostóir reatha agus go bhféadfaimis dul i gcomhairle (2 ainm agus sonraí teagmhála). Ba chóir go mbeadh na moltóirí in ann faisnéis réasúnta le déanaí a sholáthar ar do fheidhmíocht agus ar d'iompraíocht i gcomhthéacs oibre. B'fhéidir gur mhaith leat moltóirí a roghnú a bheidh in ann faisnéis den sórt sin a sholáthar ó dhearcaí éagsúla nó i gcomhthéacsanna éagsúla oibre. Bí cinnte le do thoil nach ndéanfaimid teagmháil le moltóirí ach go díreach roimh choinne a thairiscint duit, má thagann tú faoi bhreithniú le haghaidh ceapacháin.

Féadfaimid cruthúnas ar cháilíochtaí a iarraidh mar atá liostaithe sna critéir riachtanacha don ról.

## Eolas tábhachtach eile

Ní bheidh an ODPP freagrach as caiteachais ar bith a aisíoc a thabhóidh na hiarrthóirí.

Ní ghlacfar leis go gciallaíonn iontráil duine chuig comórtas, nó cuireadh chun freastal ar agallamh, go bhfuil an ODPP sásta go gcomhlíonann an duine sin ceanglais an chomórtais nó nach bhfuil sé/sí dícháilithe de réir an dlí ón bpost a shealbhú agus nach bhfuil ráthaíocht ann go ndéanfar breithniú breise ar d'iarratas. Mar sin, tá sé tábhachtach duit a thabhairt faoi deara go bhfuil an dualgas ort a chinntiú go gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta don chomórtas roimh duit freastal ar agallamh.

Sula gceapfar iarrthóir mar fhostaí, déanfaidh an ODPP gach fiosrúchán den sórt sin a mheastar a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta lena n-áirítear imréiteach slándála curtha i gcrích go hiomlán ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh agus ní féidir a mheas nó a thabhairt go ndéanfar cinneadh dá leithéid.

Má dhiúltaíonn an té a mholtar don cheapachán, nó má ghlactar leis, é a scar nó má thagann folúntas breise chun cinn féadfaidh an Bord, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

## Cearta Iarrthóirí - Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin

Breithneoidh an Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí iarrataí ar athbhreithniú de réir fhorálacha an Chóid Chleachtais arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA). Is é an CPSA an príomhrialtóir earcaíochta agus roghnóireachta i seirbhís phoiblí na hÉireann. Cinntíonn siad go mbíonn ceapacháin chuig an státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí cothrom, trédhearcach agus bunaithe ar fhiúntas. Tá Cód Cleachtais an CPSA ar fáil anseo agus leagann sé amach na príomhphrionsabail earcaíochta agus na príomhchaighdeáin do cheapacháin. Tá tuilleadh eolais faoin CPSA agus faoina ndéanann siad ar fáil anseo.

I gcás nach mbíonn iarrthóir sásta le gníomh nó cinneadh a rinne an ODPP le linn chéim roghnúcháin an chomórtais, féadfaidh siad athbhreithniú neamhfhoirmiúil/foirmiúil a lorg nó gearán neamhfhoirmiúil/foirmiúil a dhéanamh maidir leis an gcinneadh sin faoi Alt 7 agus 8 den Chód Cleachtais. Féadfaidh iarrthóir athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh a rinneadh am arbith agus an próiseas roghnúcháin fós ar siúl. Tá achoimre ar Alt 7 agus 8 den Chód Cleachtais mar a leanas agus tá sonraí iomlána ar fáil sa nasc thuas: -

- Agus iarratas á chur isteach ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil (faoi Alt 7) nó ag déanamh gearán neamhfhoirmiúil (faoi alt 8) ní mór don iarrthóir aghaidh a thabhairt ar a n-imní maidir leis an bpróiseas i scríbhinn, ag cur síos soiléir ar na cúiseanna a gcreideann siad go raibh an próiseas roghnúcháin éagórach i a gcás. Ní mór é seo a sheoladh trí ríomhphost recruitment@dppireland.ie chuig an gCeann Earcaíochta, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, laistigh de 5 lá oibre tar éis fógra a thabhairt faoin gcinneadh roghnúcháin. Scrúdóidh an ODPP an t-athbhreithniú/gearán neamhfhoirmiúil a luaithe agus is féidir agus cuirfidh sé an toradh in iúl don iarrthóir laistigh de 5 lá oibre ón athbhreithniú/gearán a fháil. Is gnách go gcríochnóidh ball den Fhoireann AD-OD nach raibh baint dhíreach aige leis an bpróiseas cinnteoireachta an t-athbhreithniú neamhfhoirmiúil.
- Má tá iarrthóir fós míshásta tar éis an phróisis athbhreithnithe/gearáin neamhfhoirmiúil, féadfaidh sé dul ar aghaidh tríd an bpróiseas foirmiúil trí athbhreithniú foirmiúil (faoi alt 7) nó gearán foirmiúil (faoi alt 8). Féadfaidh iarrthóir athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh a rinneadh am arbith agus an próiseas roghnúcháin fós ar siúl. Ní mór gearán nó iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre ó fhógra an chinnidh tosaigh nó laistigh de 5 lá oibre ó thoradh na céime athbhreithnithe neamhfhoirmiúla, má bhaintear leas as. Ní mór é seo a sheoladh trí ríomhphost recruitment@dppireland.ie chuig an gCeann Earcaíochta, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Déanfaidh an ODPP scrúdú níos críochnúla ar an bhfaisnéis ábhartha ar fad agus rachaidh sí i gcomhairle leis na páirtithe uile sula ndéanfar cinneadh. Ní mór fógra a thabhairt don iarrthóir faoi thoradh an athbhreithnithe fhoirmiúil laistigh de 25 lá ón iarraidh a bheith faighte ag an sealbhóir oifige. Déanfaidh duine atá neamhspleách ar an bpróiseas roghnóireachta agus lasmuigh den Fhoireann AD-OD de ghnáth an t-athbhreithniú foirmiúil. I gcásanna áirithe, maidir le gearáin fhoirmiúla is duine aonair lasmuigh den ODPP a bheidh san athbhreithneoir.

Mura bhfuil iarrthóir sásta le cinneadh an ODPP maidir leis an ngearán foirmiúil ceadaítear achomharc chuig an CPSA faoi Alt 8 den Chód Cleachtais. Sa chás go gcreideann iarrthóir go sáraítear gné den phróiseas cód cleachtais an CPSA, féadfaidh an CPSA fiosrú a dhéanamh air faoi Alt 8 den chód. Ní mór achomharc a dhéanamh chuig an CPSA laistigh de 10 lá oibre ón tráth a fhaigheann an t-iarrthóir fógra faoi chinneadh an ODPP faoin ngearán foirmiúil. Tá tuilleadh sonraí maidir le hachomharc a dhéanamh ar fáil sa Chuid seo 8.3 den Chód Cleachtais.

## Oibleagáidí na nIarrthóirí

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofar iad má dhéantar canbhásáil agus go n-eisiafar iad ón bpróiseas dá bharr.

**Ní ceadmhach d'iarrthóirí:**

- faisnéis bhréagach a chur ar fáil go feasach nó go místuama
- aon duine a chanbhásáil trí mhealltaí a thabhairt nó gan mealltaí a thabhairt
- cur isteach ar an bpróiseas nó cur as dó ar bhealach ar bith.

Ní ceadmhach do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas. Beidh gach duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chuidíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú ciontach i gcion. Dlitear fíneáil/nó príosúnacht a chur ar dhuine a fhaightear ciontach i gcion.

Ina theannta sin, sa chás go raibh nó go bhfuil duine a fuarthas ciontach i gcion ina iarrthóir i bpróiseas earcaíochta:

- i gcás nach bhfuil siad ceaptha do phost, dícháileofar iad mar iarrthóir; agus
- i gcás ina mbeidh siad ceaptha ina dhiaidh sin chuig an bpróiseas earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh siad an ceapachán sin.

### Iarrthóireacht a mheas le bheith tarraingthe siar

Maidir le hiarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallaimh nó ar thástálacha eile ag am agus ag ait arna n-iarraidh ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nó nach gcuireann a leithéid d'fhianaise ar fáil, nuair a iarrtar orthu sin a dhéanamh, agus a theastaíonn ón Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir le hábhar ar bith atá ábhartha dá n-iarrthóireacht, ní bheidh aon éileamh eile ar bhreithniú acu.

### Aiseolas

Cuirfear aiseolas ar fáil ar iarratas scríofa.

## Na hAchtanna um Chosaint Sonraí

Nuair a fhaightear do CV agus d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead i d'ainm, ina bhfuil cuid mhaith den fhaisnéis phearsanta a chuir tú ar fáil. Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil. Tá faisnéis dá leithéid faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí. Chun iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, cuir d'iarratas i scríbhinn chuig: **An Comhordaitheoir um Chosaint Sonraí, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Bóthar na hOtharlainne, Baile Átha Cliath 7**, ag cinntiú go ndéanann tú cur síos chomh mion agus is féidir ar na taifid a lorgaíonn tú le cur ar ár gcumas an taifead ábhartha a aithint.

## Aguisín 1: CÁILITHEACHT CHUN DUL IN IOMAÍOCHT AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR CHÁILITHEACHT

### Riachtanais maidir le Saoránacht

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe a bheith:

(a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
(b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
(c) Saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
(d) Saoránach neamh-LEE a bhfuil cead stampa 4[3] nó cead stampa 5 aige.

**Chun a cháiliú ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe faoin dáta ar a dtairgtear post ar bith.**

### Comhaontú Comhchoiteann Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí

Tugadh isteach litir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Pearsanra, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí. Is coinníoll é den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú cáilithe le haghaidh fostaíochta an athuair sa tSeirbhís Phoiblí ag comhlacht na Seirbhíse Poiblí ar bith (de réir mar atá sainmhínithe ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 - 2011) le haghaidh thréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim seo agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a gcáilitheacht a chruthú (tréimhse na neamh-incháilitheachta as feidhm).

### An Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER):

Is coinníoll é den Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais nach bhfuil daoine ar scor cáilithe, faoin Scéim sin, iarratas a chur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní féidir le daoine ar scor mar sin iarratas a chur isteach ar an bpost seo.

### Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010):

Le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010 tugadh Scéim Sprice um Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna um Iomarcaíocht Dheonach (VRS) isteach. Is coinníoll de chuid scéim VER é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe le haghaidh athfhostaíochta san earnáil sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne nó i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go formhór ó airgead poiblí Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostaíocht faoin VRS, ach amháin go bhfuil an toirmeasc ar feadh tréimhse 7 mbliana. Ní bheidh daoine a bhain leas as scéim VER, cáilithe chun dul in iomaíocht sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim VER agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a gcáilitheacht a chruthú (tréimhse na neamh-incháilitheachta as feidhm).

*[3] Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil víosa 50 TEU, atá in ionad Stamp 4EUFAM tar éis Brexit inghlactha mar choibhéis Stampa 4.*

## An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Imlitir LG(P) 06/2013)

Le Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil tugadh Scéim um Iomarcaíocht Dheonach isteach le haghaidh Údaráis Áitiúla. I gcomhréir le téarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dár dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll sainiúil é den Scéim VER nach mbeidh daoine cáilithe le haghaidh fostaíochta an athuair i gcomhlacht na Seirbhíse Poiblí ar bith [de réir mar atá sainmhínithe ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 - 2011 agus ag an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] le haghaidh thréimhse 2 bhliain tar éis dháta a n-imeachta faoin Scéim sin. Tá na coinníollacha sin infheidhme freisin i gcás rannpháirtíochta/fostaíochta ar bhonn conradh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).

## Dearbhú:

Éileofar ar iarratasóirí chun a dhearbhú cé acu ar bhain nó nár bhain leas as scéim na Seirbhíse Poiblí de luathscor dreasaithe. Éileofar ar iarratasóirí freisin chun aon teidlíochtaí a dhearbhú maidir le sochar pinsin na Seirbhíse Poiblí (mar íocaíocht nó caomhnaithe) as fostaíocht eile ar bith sa tSeirbhís Phoiblí agus/nó nuair a fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht ar bith sa tSeirbhís Phoiblí.

## Aguisín 2: INNIÚLACHTAÍ

Beidh an t-eolas, an taithí, an scil, an tuiscint chuí nó an inniúlacht ábhartha ar an iarrthóir rathúil cionn is go léiríonn siad go soiléir oiriúnacht s'acu chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mar Ionchúisitheoir le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

### Eolas Dlí, Saineolas agus Féinfhorbairt

- Eolas ar chúrsaí dlí agus ar chleachtas agus ar an chóras dlí;
- Tuiscint shoiléir ar an ról agus ar chuspóirí na hOifige agus na feidhmeanna atá aige sin maidir leis an chóras dlí coiriúil;
- A bheith réamhghníomhach maidir le coinneáil suas chun dáta ar shaincheisteanna agus ar phríomhfhorbairtí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a gceantar féin;
- Coinnítear fócas láidir ar fhéinfhorbairt, ag lorg aiseolais agus deiseanna fáis.

### Scileanna Breithiúnais, Anailíse agus Cinnteoireachta

- Inniúlacht acu san anailís dlí, sásta an chríonnacht bunaithe a cheistiú agus cur chuige oscailte a chothú;
- Faigh suas chun dáta i gcúrsaí coimpléascacha, agus in ann gach faisnéis/sonraí cuí a thógáil isteach (idir scríbhinn agus ó bhéal);
- Príomhthéamaí agus patrúin a aithint thar agus ó fhoinsí éagsúla faisnéise, chun conclúidí stuama agus cothroma a dhéanamh;
- Tuiscint a dhéanamh ar na himpleachtaí loighciúla a bhaineann le seasamh áirithe a ghlacadh roimh cheisteanna;
- Maith agus cruthaitheach ó thaobh foinsí de, in ann modhanna agus cur chuige bunaidh a ghiniúint le haghaidh fadhbanna a réiteach agus cinntí a ghlacadh.

### Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí

- Freagracht pearsanta a ghlacadh as cuspóirí/spriocanna aontaithe, agus iad a chur i bhfeidhm;
- In ann an iliomad cásanna/ comhaid /tionscadail agus gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a chur chun tosaigh;
- Paraiméadair ama do chásanna/ comhaid/ tionscadail a mheas agus in ann a am/ nó a ham a bhainistiú go héifeachtach, in ann constaicí a aithint agus pleananna teagmhais a dhéanamh orthu;
- Fócas láidir a chothabháil dírithe ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara a shárú gach uair;
- Cinnte a dhéanamh go mbainfear gach uile aschur amach ar ardchaighdeán agus ar mhodh éifeachtach;
- Acmhainní a úsáid go héifeachtach, agus in ann próisis a cheistiú chun éifeachtachtaí a fheabhsú.

### Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide

- Faisnéis a chur in iúl ar bhealach muiníneach, loighciúil agus áititheach, ó bhéal agus i scríbhinn;
- In ann éisteacht go héifeachtach agus dialóg dhá bhealach a fhorbairt go tapa;

- Dírítear go láidir ar fhreastal ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha;
- In ann tionchar dearfach éifeachtach a dhéanamh ar dhaoine eile agus iad a stiúradh i dtreo gníomhartha dearfacha;

**Spreagadh agus Tiomantas**

- Duine atá féinspreagtha agus a léiríonn mian chun feidhmiú go leanúnach ar ardleibhéil;
- Duine atá ionraic agus iontaofa go pearsanta agus is féidir brath orthu;
- Seirbhísí cothroma, neamhspleácha, gairmiúla a sholáthar ag na caighdeáin is airde;
- Tugtar ceannaireacht le dea-shampla chun na caighdeáin is airde eitice agus ionracais a chothú.